# A1 Topaic 6

## 06 Dhá Shaol

## Éisteacht

2

## 06 Dhá Shaol

**Le múineadh:**
- Ag fiafraí de dhuine cén t-am é agus an cheist sin a fhreagairt.
- Labhairt faoi rudaí a dhéantar gach lá, a rá cén t-am a dhéanann duine rudaí éagsúla, ceist a chur ar dhuine cén t-am a dhéanann sé rud éigin agus ag fiafraí de dhuine an ndéanann sé rud áirithe.

3

## Bileog
## Dhá Shaol

| Ceist | Ríona | Tomás |
|---|---|---|
| 1. Cén t-am a éiríonn sé/sí? | | |
| 2. An itheann sé/sí bricfeasta? | | |
| 3. Cad a dhéanann sé/sí ag am lóin? | | |
| 4. Cén t-am a thagann sé/sí abhaile? | | |
| 5. Cad a dhéanann sé/sí san oíche? | | |
| 6. Cad a dhéanann sé/sí ag an deireadh seachtaine? | | |

4

©GaeilgegoDeo 2023

## Dhá Shaol

- Léigh na ceisteanna.
- Ansin, éist leis an mír agus líon an tábla.
- Is leor focal amháin a scríobh isteach,
  - mar shampla: *scannán,* ní gá abairt iomlán a scríobh: *Téann sé chuig scannán*.
- Cloisfidh tú an mhír dhá uair.

5

## Dhá Shaol - Ceisteanna

- Cén t-am a éiríonn sé/sí?
- An itheann sé/sí bricfeasta?
- Cad a dhéanann sé/sí ag am lóin?
- Cén t-am a thagann sé/sí abhaile?
- Cad a dhéanann sé/sí san oíche?
- Cad a dhéanann sé/sí ag an deireadh seachtaine?

6

## Dhá Shaol

| Ceist | Ríona | Tomás |
|---|---|---|
| 1. Cén t-am a éiríonn sé/sí? | | |
| 2. An itheann sé/sí bricfeasta? | | |
| 3. Cad a dhéanann sé/sí ag am lóin? | | |
| 4. Cén t-am a thagann sé/sí abhaile? | | |
| 5. Cad a dhéanann sé/sí san oíche? | | |
| 6. Cad a dhéanann sé/sí ag an deireadh seachtaine? | | |

7

©GaeilgegoDeo 2023

## Dhá Shaol

| Ceist | Ríona | Tomás |
|---|---|---|
| 1. Cén t-am a éiríonn sé/sí? | | |
| 2. An itheann sé/sí bricfeasta? | | |
| 3. Cad a dhéanann sé/sí ag am lóin? | | |
| 4. Cén t-am a thagann sé/sí abhaile? | | |
| 5. Cad a dhéanann sé/sí san oíche? | | |
| 6. Cad a dhéanann sé/sí ag an deireadh seachtaine? | | |

8

## Dhá Shaol - Script

**Ríona:**

- Éirím ag ceathrú tar éis a seacht de ghnáth. Tá cistin againn ag an obair agus ithim mo bhricfeasta ansin gach maidin agus ansin tosaím ag obair ag a naoi a chlog.
- Ólaim cupán caifé ar leathuair tar éis a deich. Ag am lóin, bíonn lón agam i gcaifé de ghnáth.

9

## Dhá Shaol - Script

- Oibrím go dtí a cúig agus téim abhaile ar sé. Déanaim an dinnéar agus ina dhiaidh sin, seinnim an pianó agus léim leabhar.
- Ag an deireadh seachtaine, de ghnáth, téim ag siopadóireacht Dé Sathairn le mo chara nó le mo dheirfiúr. Casaim le cairde agus go minic téimid go dtí an teach tábhairne agus ansin go dtí club oíche.

10

©GaeilgegoDeo 2023

## Dhá Shaol - Script

**Tomás:**

- Éirím ag a seacht a chlog de ghnáth. Ní ithim bricfeasta sa bhaile – bíonn sé agam sa cheaintín san obair.
- Tosaím ag obair ag ceathrú go dtí a naoi. Ólaim cupán tae ar cheathrú i ndiaidh a deich.

11

## Dhá Shaol - Script

- Ag am lóin, ithim san oifig agus ansin téim ag snámh nó ag siúl. Oibrím go dtí a ceathrú chun a cúig. Tagaim abhaile de ghnáth ar a sé a chlog.
- Anois is arís, ithim mo dhinnéar i mbialann le mo pháirtí agus téimid abhaile idir a seacht agus hocht. Nuair a théim abhaile, féachaim ar an nuacht.

12

## Dhá Shaol - Script

- Uaireanta, imrím sacar agus buailim le mo chairde sa teach tábhairne.
- Ag an deireadh seachtaine, de ghnáth, imrím leadóg tráthnóna Dé Sathairn.
- Téim go dtí an phictiúrlann uaireanta nó chuig ceolchoirm.

13

©GaeilgegoDeo 2023

## Freagraí - Dhá Shaol

| Ceist | Ríona | Tomás |
|---|---|---|
| 1. Cén t-am a éiríonn sé/sí? | 7:15 | 7:00 |
| 2. An itheann sé/sí bricfeasta? | itheann | itheann |
| 3. Cad a dhéanann sé/sí ag am lóin? | lón i gcaife | Lón san oifig, snámh, siúl |
| 4. Cén t-am a thagann sé/sí abhaile? | 6:00 | 6:00 |
| 5. Cad a dhéanann sé/sí san oíche? | piano/leabhar | nuacht/sacar/ teach tábhairne |
| 6. Cad a dhéanann sé/sí ag an deireadh seachtaine? | siopa/teach tábhairne | leadóg/pictiúrlann/ ceolchoirm |

14

## Dhá Shaol

- Éist arís leis an mír agus bí ag léamh ag an am céanna an uair seo.

15

## Dhá Shaol - Script

**Ríona:**

- Éirím ag ceathrú tar éis a seacht de ghnáth. Tá cistin againn ag an obair agus ithim mo bhricfeasta ansin gach maidin agus ansin tosaím ag obair ag a naoi a chlog. Ólaim cupán caifé ar leathuair tar éis a deich. Ag am lóin, bíonn lón agam i gcaifé de ghnáth.

16

©GaeilgegoDeo 2023

## Dhá Shaol - Script

- Oibrím go dtí a cúig agus téim abhaile ar sé. Déanaim an dinnéar agus ina dhiaidh sin, seinnim an pianó agus léim leabhar.
- Ag an deireadh seachtaine, de ghnáth, téim ag siopadóireacht Dé Sathairn le mo chara nó le mo dheirfiúr. Casaim le cairde agus go minic téimid go dtí an teach tábhairne agus ansin go dtí club oíche.

17

## Dhá Shaol - Script

**Tomás:**

- Éirím ag a seacht a chlog de ghnáth. Ní ithim bricfeasta sa bhaile – bíonn sé agam sa cheaintín san obair.
- Tosaím ag obair ag ceathrú go dtí a naoi. Ólaim cupán tae ar cheathrú i ndiaidh a deich.

18

## Dhá Shaol - Script

- Ag am lóin, ithim san oifig agus ansin téim ag snámh nó ag siúl. Oibrím go dtí a ceathrú chun a cúig. Tagaim abhaile de ghnáth ar a sé a chlog.
- Anois is arís, ithim mo dhinnéar i mbialann le mo pháirtí agus téimid abhaile idir a seacht agus hocht. Nuair a théim abhaile, féachaim ar an nuacht.

19

©GaeilgegoDeo 2023

## Dhá Shaol - Script

- Uaireanta, imrím sacar agus buailim le mo chairde sa teach tábhairne.
- Ag an deireadh seachtaine, de ghnáth, imrím leadóg tráthnóna Dé Sathairn. Téim go dtí an phictiúrlann uaireanta nó chuig ceolchoirm.

20

## Dhá Shaol

- Cé nach raibh ort ach focal amháin a scríobh isteach mar fhreagraí agus tú ag éisteacht leis an mír, anois déan iarracht na focail a úsáid chun abairt iomlán a chur le chéile don fhreagra.
- Cén t-am a éiríonn sé/sí?
- Mar shampla: *Éiríonn Ríona ag ceathrú tar éis a seacht.*

21

## Dhá Shaol

- Tá an leagan Ultach le cloisteáil sa mhír:
- 'Ólaim cupán tae ar c**h**eathrú i ndiaidh a deich.'
- Is é, an leagan atá sa chaighdeán a muineadh againn, – 'ag ceathrú', bíodh fhios agat go bhfuil an dá leagan in úsáid i gceantair Ghaeltachta ar leith..
- ag ceathrú tar éis a dó
- ar c**h**eathrú tar éis a dó (ar + séimhiú)

22

## Dhá Shaol

- Anois cuir na ceisteanna sa ghníomhaíocht orm.
- Beidh ort: sé/sí a arthrú go dtí: tú

23

## Dhá Shaol - Ceisteanna

- Cén t-am a éiríonn sé/sí?
- An itheann sé/sí bricfeasta?
- Cad a dhéanann sé/sí ag am lóin?
- Cén t-am a thagann sé/sí abhaile?
- Cad a dhéanann sé/sí san oíche?
- Cad a dhéanann sé/sí ag an deireadh seachtaine?

24

## Dhá Shaol

- Tá nasc den chomhad fuaime thíos.
- Tá cóip den script sa bhileog.
- Déan cleachtadh é a léamh leis an mír agus ansin é a léamh amach ós ard.

25

©GaeilgegoDeo 2023

**Bileog**
**Dhá Shaol - Cum Ceisteanna**

26

## Dhá Shaol - Cum Ceisteanna

- Cum ceisteanna atá bunaithe ar an eolas a thugtar sa bhosca 'Gach lá . . . . .'
- *Mar shampla: An éiríonn tú ar a seacht a chlog?*
- Léigh na ceisteanna amach os ard.
- Ansin freagair na ceisteanna duit féin.

27

## Freagraí- Cum Ceisteanna

- An éiríonn tú ar a seacht a chlog?
- An itheann tú bricfeasta ar leath uair tar éis a seacht?
- An dtosaíonn tú ag obair ar ceathrú tar éis a naoi?
- An mbuaileann tú le cairde ag am lóin?
- An dtagann tú abhaile ar leath uair tar éis a cúig?
- An dtéann tú go dtí an t-ionad spóirt?

28

©GaeilgegoDeo 2023